

Pleananna ceachta

le húsáid taobh le hacmhainní de chuid



maidir leis an Oideachas Forbartha

Fuarthas maoiniú ó chlár WorldWise Global Schools de chuid Chúnamh Éireann don bhfoilseachán seo. Is iad Afri nó/agus an t-údar atá iomlán freagrach as na smaointe, tuairimí agus tráchtai ann, agus ní gá gurb ionann iad agus na cinn atá ag WorldWise Global Schools agus/nó Cúnamh Éireann ná a gcuid beartas.



*Miriam Barragry a chuir na Pleananna
Ceachta seo le chéile; tá taithi mhór
 aici ar an Oideachas Forbartha a
 theagasc.*

© Afri/Miriam Barragry



Pleananna ceachta le húsáid taobh le hAcmhainní de chuid Afri maidir leis an Oideachas Forbartha



Réamhrá

Cuireadh na pleananna ceachta thíos le chéile bunaithe ar thrí hacmhainn a scríobhadh cheana féin do chlár Oideachais Forbartha Afri. Ar feadh na sraithe **Just a Second!**, tá bunchomharthaí an dea-oideachais forbartha le brath – an cheistniú chriticiúil agus chruthaitheach, agus an dlúthpháirtíocht agus an ceartas sóisialta á n-úsáid mar uirlisí téamacha chun buntuisicint a bhaint amach maidir leis na fórsaí laethúla a chuirtear i láthair.

Tá modheolaíochtaí de chuid Paulo Freire i gcroílár chur chuige Afri le fada an lá maidir leis an oideachas forbartha. Feictear san oideolaíocht cháiliúil dá chuid ar an mhúinteoir agus ar an mac léinn mar fhoghlaimoirí agus rannpháirtithe atá ar chomhstádas agus na struchtúir atá mórthimpeall orthu á ngrinnschrúdú. Táthar ag súil go mbeidh na moltaí úsáideach maidir le conas na hacmhainní seo a chomhtháthú in ábhair acadúla chun an cheistniú agus an machnamh sin a spreagadh. I ré seo na míreanna breise agus na gníomhaíochtaí breise i gcuraclaim náisiúnta, is treoir iad na pleananna ceachta seo maidir leis an aga ceart teagaisc a aimsiú laistigh den churaclam laethúil. Is é is fearr a dhéantar oideachas forbartha éifeachtach nuair a bhíonn an t-ábhar rialta laethúil á mhúineadh – trí dheis a thapú saincheisteanna maidir leis an domhan níos leithne, agus na castachtaí a bhaineann leo, a mheá go criticiúil.

An bhéim sin ar an machnamh criticiúil agus ar chur chuige rannphárteach tiomanta, tá siad fite fuaite i bPríomhscileanna agus Ráitis Foghlama na Sraithe Sóisearaí Nua. Dá réir sin, a mhéid is féidir, áirítear modheolaíochtaí gníomhacha agus spreagtar go n-úsáidfe iad i rith na bpleananna seo. Ar scileanna béil a gcuirtear béim sa tSraith Shóisearach Nua agus ar chumas na scoláirí a gcuid smaointe agus tuairimí féin a chur i láthair ar bhealach intuigthe. Mar a scríobh duine de scríbhneoirí na sraithe Just a Second! – Pete Mullineaux – cleachtaítear leis an dea-oideachas forbartha na trí mheatáin a leanas: an chomhthuisicint, an tsamhlaíocht agus an guth. Táthar ag súil go mbeidh na pleananna ceachta seo ina gcabhair don mhúinteoir ranga, ní chun na hacmhainní “a mhúineadh”, ach chun ceisteanna, criticí agus gníomhachas as seo amach na mac léinn a tharraingt amach agus iad i mbun foghlama i ndomhan atá ag éirí níos castaí ó lá go lá.

JUNIOR CYCLE ENGLISH RESOURCES

English

“The English classroom is a place of talk and discussion. Students enjoy frequent opportunities to debate, to adopt a point of view and defend it. They learn to communicate by writing in a range of forms and for many purposes.”

Specification for Junior Cycle English

https://www.curriculumonline.ie/getmedia/d14fd46d-5a10-46fc-9002-83df0b4fc2ce/JuniorCycle_-English_-specification_amended_2018.pdf

Subject: English, Lesson 1

Learning Intentions:

To explore the importance of making your voice heard and “speaking up”

To learn about figures who have spoken up for various rights and against injustice

To research and present an activist/inspirational “leader”, historical or contemporary, to classmates

Curriculum link: Oral Presentation—First/ Second Year


Junior Cycle Statements of Learning:

Oral SOL OL2, OL 11

Reading SOL R2, R6

Resource used: Just a Second! Pathways of Peace

(Photocopied selection of profiles of human rights activists)



Methodology

Begin by writing the following phrases on a whiteboard or flip chart:

“Speaking up “;”making your voice heard”; “protest”

In a very simple “word association” game, ask students what they think of when they see these words?

After discussing this, students could be asked if they think speaking in a class presentation is difficult. Why might that be? Explore these answers which may range from nervousness, fear of being laughed at, feeling unable to speak publically etc. At this point, this might be a time to revise “tips” for oral presentations.

Now, ask students why human rights activists in different places and countries might be nervous about speaking out. Why might that be? Again, explore these answers with students.

Answers might range from being nervous, to being scared of defying authorities, to the very real threat of death etc.

Read the profile of Malala Yousafazi with students from **“Pathways of Peace”**. You could also show students some of the many clips of her speaking (available on You Tube or from the **“They Call Me Malala”** documentary.)


Students are then asked to prepare an oral presentation on any activist they are interested in. You could give an example of some of the activists profiled in **“Pathways of Peace”**, and you could elicit from students any domestic or overseas activists they are aware of. It could be interesting to guide students away from the activists that they tend to already be familiar with and to new faces/ figures. Suggestions could include:

Kim Phuc

Sadako Sasaki

Richard Moore

(All available in the Afri resource)





What action will you take as a result of learning about this issue?

**Suggestions: You could start a “Social Activist” group in your school. You could select one or two issues to focus on during the school year, either within the school community, or even a global issue, and see how you can raise awareness, and perhaps improve a situation that you feel passionately about.*

** Are there any activists you are aware of in Ireland that you could invite in to your school to speak?*

** Could you make it a “class pledge” to let different voices be heard, and to have a class atmosphere where no one is afraid to give voice to what they think or feel?*

Subject: English, Class 2

Learning Intentions :

To discuss associations with the word “refugee”

To explore reasons why people become refugees and migrate

To imagine / experience in a dramatic context what being a refugee could feel like

Curriculum link: Drama –First/ Second/ Third Year

Junior Cycle Statements of Learning :

Oral SOL OL2, OL 11

Reading SOL R2, R6

Resource used: *Exploring Global Issues Through Drama and Theatre!*
– “We’re On the Move”(play)

You will need: Copies of “We’re on the Move” for each student; two signs with the words “Push” and “Pull”, included here, and copies of “declaring my possessions form”, also included here.

Ideally, this lesson would be done across a double class or two class periods.

Methodology

Initial discussion work

- * In the centre of the whiteboard, write the word migration and elicit from students any “word association” they have with this term. You may be given words such as “refugee”; “economic” “job”; “war”. These should be left up on the WB as a backdrop to the drama activity.
- * If space allows, divide students into two groups initially, with a large piece of paper on the floor in the middle of the two student groups. Students might like to make up a name for the country / territory and write it on the page.
- * One group has a “Push” sign, the other a “Pull” sign. Ask students to explain in their own words what they understand by a push / pull factor.
- * After discussing this, students could be invited to write on the page potential push / pull factors for migration to the country “on the ground.”
- * Before you begin with the drama, ask students to write down three possessions they are taking with them on their “declaring my possessions” form. Give them a pressurised time limit to write this down, perhaps 1 minute. You can return to this later in the activity when the students are at “immigration” within the play

Enacting the play

- * Students begin the play. Parts/ numbers can be adapted to suit the number of student in the class. There are four scenes in the play:

1. Gathering of migrants
2. Boat Journey
3. Arrival
4. Aftermath



As this play is a learning experience for teacher and student, it is not meant to be “performed” straight through. At various points, the student “director” or, if you prefer, teacher, can give a “cut!” or “freeze” command. This is to check in with students regarding how they might be feeling in a given role / situation. Generic types of questions that might be asked could include:

How do you feel in this scene?

Who has the power in this scene?

**It is intended that students would improvise and add to the scenes as a result of their own views and experiences.

*When students come to Scene Three, “Arrival”, ask them to take out their “declaring my possessions” form. Ask how many students wrote the word passport down. The “immigration officers” could improvise with this. (If they do not have passports, why not? And if they do, their passports may not allow them free movement in the places they are in, i.e. EU). This could be a good opportunity for discussion regarding borders/ freedom of movement etc.

Follow on activity: The following could be done as reflective practice:


- Students interview each other about their experience getting to their destination. This could be done as an audio or written task.
- **One Year Later** – diary entries from migrants who have been within this new country as an asylum seeker. Within the Irish context, you might want to point students towards information on Direct Provision.
- To encourage students to reflect on media coverage of the Refugee Crisis, two different “newspapers” could be established within the class grouping, one with a very anti migrant sentiment, the other reflecting the Refugee Crisis as a humanitarian crisis.

****What action will you take as a result of learning about this issue?***

Suggestions: *If any elected representatives come to your school, ask them about why Ireland has taken in a very small number of refugees in resettlement programmes. You could also write to your local TD.*

**Invite a speaker from MASI (Movement of Asylum Seekers in Ireland)*

<http://www.masi.ie/> to tell you about their experiences in Direct Provision.



PUSH

PULL

My three chosen possessions that I am taking from my home are:

(Remember you must be able to carry them).

Subject: English, Class 3

Learning Intentions:

To practice comprehensions skills by reading and answering on a piece of text

To use this piece as stimulus for a creative writing task

Curriculum link: Junior Cycle Statements of Learning:

Oral SOL OL2, OL 11

Reading SOL R2, R6

Resource used: *Just A Second! Lessons from History* – Doolough piece

Methodology

Give each student a copy of the Doolough piece, which describes the death march that took place during An Gorta Mór.

Students answer the comprehension questions below as written with the piece.

Written follow on tasks:

One of the striking things about this walk is that we do not know the names of most of the people who died. Accordingly, in this class, students are given various roles mentioned within the piece and must write a piece which connects with some of the personnel mentioned. This could be used for CBA genre material:

(Refer to the book published by Afri titled: “They All Had Names”.)

1. Write the letter to be read to the people of Doolough that tells them that they are to assemble at Delphi Lodge to be inspected. Pay attention to the **TONE** and **LANGUAGE** used in the writing.

2. Write the dialogue between two parents as to whether or not they should take part in the long trek the next day with their children.
3. Write a report, mentioned in the article of a Mayo newspaper, describing the march.
4. Write a diary entry of one of the Poor Law commissioners in the wake of the tragedy.

Subject : English, Class 4

Learning Intentions:

To use language in a persuasive way

To create and present a formal document

Curriculum link: Drama –First/ Second/ Third Year

Junior Cycle Statements of Learning :

Oral SOL OL2, OL 11

Reading SOL R2, R6

** This class could also be done as part of School Wellbeing

Resource used: Just a Second! – Pathways of Peace

Methodology

Elicit from students how they use language if they wish to persuade someone of something. You might like to give an everyday example – going out with friends; extra pocket money etc. Bring this discussion round to looking at how we use language to persuade and emotionally connect with people.

Ask students are they familiar with any “declarations “or “proclamations”. Answers may range from The Declaration of Independence to the Irish Proclamation (most schools will have this somewhere. Students could be



sent on a fact-finding mission to look at language used and report back!)

Explain to students that a declaration is about putting the views or message of a certain group forward. It should be clear, accessible, and memorable.

Tell students that you are going to be showing them a declaration written by Irish people: '**A Declaration of Peace**'. Before doing this, share with students the story of the Peace People as written in "**Pathways of Peace**" which details the tragedy that brought Betty Williams and Mairead Corrigan together to form the Peace People. You may wish to shorten the account in the resource.

Give each student a copy of the Peace People Declaration. Initially, this could be used as a language resource with students answering the following questions:

Language reflection

1. Why is using inclusive pronouns such as "we" effective in a piece like this?
2. This is a short declaration but there are still some descriptive images- find two.
3. What do you think is meant by the last part of the Declaration :
"... in which the tragedies we have known are a bad memory and a continual warning."

As a class group, draw up a "Declaration for Peace in Our School". Use the Declaration for Peace as a model / scaffold for students. Students could work in small groups initially and then together elaborate on one piece. It could be an opportunity to get whole school support on this and have it visible in the school reception etc. as a clear message of what the mission of the school is as created by students.

For a class that may need a lot of assistance, the following page could be used which borrows the main phraseology from the Declaration for Peace but let's students "fill in "their own desire/ priorities for their school community.

A Declaration for Peace and Wellbeing in Our School



We have a simple message for the school from this movement for peace.

We want _____

As students we want _____

We recognise _____

We recognise _____

We reject _____

We dedicate ourselves to _____

Acmhainní OSSP don tSraith Shóisearach

“Cuidíonn Oideachas Saoaránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) le scoláirí scileanna a fhorbairt a bheidh ag teastáil uathu le cur go dearfach le sochaí dhaonlathach agus le maireachtáil inbhuanaithe a chur chun cinn. Tugann sé tuiscint dóibh ar struchtúir shóisialta, eacnamaíocha agus pholaitiúla ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda, agus an deis bealaí a shamhlú agus a chruthú inar féidir leo difear a dhéanamh do shaol daoine agus pobal.”

Tá trí shraith foghlama atá idirnasctha in OSSP na Sraithe Sóisearaí. Is iad na sraitheanna atá fite fuaite sna pleananna ceachta: **Ceartha agus Freagrachtaí; an tSaoránacht Dhomhanda; an Daonlathas a Fhiosrú**

Réasúnaíocht, cúrsa OSSP <https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Short-Courses/CSPE/Rationale-and-Aim>

**Cibé acu go bhfuil mac léinn ag gabháil don OSSP mar Ghearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí, nó mar ábhar príomhsruthach, is é an t-ábhar é ina bhfuil an deis is fearr don Oideachas Forbartha a shnáthú sna ranga. Toisc nach “ábhar scrúdaithe” é OSSP a thuilleadh agus toisc nach mbeidh múinteoirí gafa le páipéir scrúdaithe agus an méid a bhaineann leo, b’fhéidir go mbeidh an deis ann leas a bhaint as na ráitis éagsúla foghlama ar bhealach cruthaitheach. Rud tábhachtach de, deirtear go spreagtar na mic léinn chun gnímh, bunaithe ar thuiscint ar chearta an duine agus ar fhreagrachtaí sóisialta.

Agus an tábhacht a bhaineann le **scileanna béil** ar feadh **na Sraithe Sóisearaí**, baineann scileanna ‘cur i láthair’ nó ‘plé’ le cuid mhaith de na modheolaíochtaí ceachta seo.



Ábhar: OSSP, Rang 1

Nasc Curaclaim: *Sraith 1 – Cearta agus Freagrachtaí*

Cuspóirí Foghlama

- Foghlaim trí léamh mar gheall ar ghíomhaithe cearta daonna éagsúla
- Obair a dhéanamh i ngrúpaí chun teacht ar mhodheolaíocht chun an scéal a cur i láthair mic léinn eile
- An t-ábhar a chur i láthair ó bhéil

Ráitis Foghlama de chuid na Sraithe Sóisearaí: RF 6,7,9

Acmhainn: *Pathways of Peace – Cuid a hAon (Scéalta gníomhaithe)*

Modheolaíocht

*Sula dtosnaítear an rang, déan cuid de scéalta na ngníomhaithe a fhótachópáil ó *Pathways of Peace*. Tá ocht bpróifíl san acmhainn: d'fhéadfá cuid acu nó iad go léir a úsáid, ag brath ar líon na ndaltaí atá agat.

Fiafraigh de na mic léinn céard é an tuiscint atá acu ar an bhfocal “**gníomhaí**”. An mbaineann sé le nithe dearfacha nó nithe diúltacha, dar leo? Déan na freagraí a scríobh ar chlár bán nó ar pháir ionas go mbeidh na daltaí in ann iad a fheiceáil le linn an ranga.

*Déan na daltaí a roinnt ina ngrúpaí ina bhfuil triúr nó ceathrar agus iarr ar gach grúpa próifíl a roghnú.

*Ba cheart tréimhse shonrach a thabhairt do na daltaí, 15 nóiméad mar shampla, chun an scéal a léamh agus chun achoimre a dhéanamh ar na príomhphointí chun iad a chur i láthair a gcuid comhghleacaithe. Is é an smaoineamh anseo, seachas próifílí a léamh os ard sa rang, rud a d'fhéadfadh spéis a mhúchadh, go gcuirfead de chúram orthu scéal gníomhaí amháin a roinnt leis na daltaí, an scéal a phiarmhúineadh dóibh. Ar an mbealach sin, beidh scéal an ghníomhaí a bheidh foghlamtha acu ar eolas acu, agus beidh deis acu na scéalta eile ó na próifílí sa leabhar a chloistéal freisin ó na grúpaí eile. Beidh an múinteoir ina (h)éascaitheoir ar feadh na tréimhse ach is iad na daltaí a dhéanfaidh an teagasc agus an cur i láthair.

*D'fhéadfaí páir, dathanna nó spás a chur ar fáil do na daltaí más mian leo leas a bhaint as scéalchlár/ealaíon/dráma sa chur i láthair.

*Tabhair trí nóiméad do na daltaí chun a ngníomhaí féin a chur i láthair don rang.

Gníomhaíocht leantach a d'fhéadfaí a dhéanamh iarraidh ar na daltaí duine de na gníomhaithe ar chuala siad faoi/fuithi inniu a roghnú agus tuilleadh taighde a dhéanamh air/uirthi. D'fhéadfadh na ceisteanna a leanas a bheith ina gcabhair:

- Céard iad na cearta a raibh á séanadh, dar leis an ngníomhaí?
- Conas mar a thug an gníomhaí faoin bhfeachtas/faoin bhfrithbheartaíocht?
- Céard iad na gníomhaithe atá ar eolas agat i mbliana in Éirinn? An bhféadfá taighde a dhéanamh ar a gcuid scéalta?

Ábhar: OSSP, Rang 2

Nasc Curaclaim: *Sraith 1 – Cearta agus Freagrachtaí*

Cuspóirí Foghlama:

- Plé a dhéanamh ar conas a chuirtear an míleatachais chun cinn
- Scéalta a fhoghlaim maidir le frithbheartaíocht chogaidh mar shaoránach gníomhach
- Machnamh a dhéanamh ar scéalta maidir le conas a cuireadh i gcoinne an mhíleatachais

Ráitis Foghlama na Sraithe Sóisearaí: RF 7,9


Acmhainn: *Pathways of Peace*

Modheolaíocht

Tosaigh mar a leanas:


- Iarr ar na mic léinn suí síos i gciorcal.
- I lár an chiorcail, cuir leathanach mór páipéir a bhfuil an focal “cogadh” air. Tarraing a mhéid is féidir de chiorcail chomhlárnacha lasmuigh de, agus spás a fhágáil saor do na mic léinn le scríobh ann.
- Iarr ar na mic léinn a gcuid suíochán a fhágáil nuair a smaoiníonn siad ar dhuine nó ní lena n-éascaítear cogadh nó lena ligtear dó tarlú.

D’fhéadfadh sé go mbeidh ort pointe tosaigh a thabhairt do na mic léinn – “armra”, pearsanra “saighdiúirí” nó fiú coincheap teibí ar nós “gabháil talún”. Iarr orthu leanúint den mhachnamh, “conas a tharlaíonn sé sin?” maidir le gach focal a scríobhtar. (Tá sampla faoi iamh.) Is chun na mic léinn a spreagadh é seo tabhairt go criticiúil faoi conas “a tharlaíonn” cogadh agus céard iad na ról aonair agus na comhróil atá againn.



Vótalaimid ar son ionadaithe poiblí don rialtas

Tugann rialtais orduithe don arm



Saighdiúir
Comhlacht
Monarcha airm
Gunnáí

Ag obair leis an achmhainn

Freagra a tharraingt ó na mic léinn ar chuala siad faoi **Thionscadal Manhattan** nó/agus **Mohamed Ali**. Fiafraigh de na mic léinn an méid atá ar eolas acu mar gheall orthu sin.

*Déan na mic léinn a roinnt ina bpéirí

Léigh, Péireáil, Roinn: Tabhair próifíl Ali (lth. 91) do gach péire, nó tabhair *Manhattan Project – Movement for the Abolition of War* (lth. 86), an seachadadh ó Pathways of Peace. Tar éis cúpla nóiméad ag léamh, iarr ar gach péire an scéal atá díreach léite acu a insint.

Iarr ar na mic léinn cá háit a bhfeiceann siad an coicheap “cearta agus freagrachtaí” maidir leis an dá phróifíl.

Ceisteanna acmhainne a d’fhéadfaí a chur

- Céard í an fhreagracht a raibh an tOllamh Roblatt á comhlíonadh dar leis i do thuairimse nuair a thosaigh sé ag glacadh páirte sa tionscadal?
- I gcomthéacs an cinneadh a thug sé, meas tú an raibh an ceart aige nó nach raibh?
- Conas mar a d’athraigh an fonn freagrachta a bhí air?
- Céard iad na cearta a raibh sé ag iarraidh a chosaint tríd an seasamh a ghlac sé níos déanaí?

Ceisteanna plé leantacha:

- An gceapann tú gurbh cheart do shaoránaigh dul isteach san arm dá mbeadh tír i mbun cogaidh? (d'fhéadfadh sé seo bheith ina ghníomhíocht phlé)
- Céard iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar “duine a chuireann i gcoinne na coinscríbe”?
- An bhfuil aon chur amach agat ar dhaoine a chuir i gcoinne na coinscríbe lenár linn?

Céard a dhéanfaidh tú mar thoradh ar an méid a d'fhoghlaim tú faoin gceist seo?

***Moltaí:** *Díospóireacht a reáchtáil ar scoil mar gheall ar an míleatachas agus ar ról na hÉireann i NATO/in úsáid aerfort na Sionainne d'eitleáin mhíleata na Stát Aontaithe i gcomhair a n-athbhreoslaithe.*

Ábhar: OSSP

Nasc Curaclaim: *Sraith 1 – An tSaoránacht Dhomhanda*

Cuspóirí Foghlama:

Machnamh a dhéanamh ar roinnt neamhchothrom úinéireacht acmhainní agus ar rochtain neamhchothrom ar acmhainní sa domhan

Tuiscint a fháil ar choincheap na ceannasachta bia

Machnamh a dhéanamh ar na naisc idir an chumhacht, an bhochtaineacht agus an éagrothroime

Ráitis Foghlama na Sraithe Sóisearaí: RF 7

Acmhainn: *Just A Second! Exploring Global Issues through Drama and Theatre*

Dráma: *The Sacred Cactus*



.....

Tabhair cóip den script do na mic léinn. Seo a leanas na ról inti:

Pobal de thuathánaigh bhochta talún

Ceathrar ceannairí de chuid tíortha saibhre

Ceathrar eolaithe

Meaisín ar mire

(Má tá go leor spáis ann, déan aon troscán a chur ar leataobh ionas go mbeidh na mic léinn in ann an spás a úsáid chun a ról faoi seach a léiriú – e.g. oibrithe láimhe, ceannairí saibhre domhain etc.)

Toisc gur taithí foghlama é an dráma seo don mhúinteoir agus don mhac léinn, níl sé i gceist go ndéanfaí é a chur i láthair tríd síos. Ag pointí ar leith, féadfaidh an “stiúrthóir” mic léinn nó an múinteoir más mian leat, “stop” a rá. Is chun seiceáil isteach leis na mic léinn é sin maidir le conas atá siad ag mothú i ról nó staid ar leith. D’fhéadfaí ceisteanna ginearálta a chur amhail:

Céard iad na roghanna atá agat sa staid seo?

Conas mar a mhothaíonn tú sa staid seo?

Cé leis a bhfuil an chumhacht sa staid seo?

Cén fáth go mbeadh tú leochaileach sa staid seo?

Tar éis an dráma a chur i láthair, cuir na ceisteanna seo ar na mic léinn:

An bhfuair na daoine sa dráma luach saothair cothrom ar a gcuid oibre?

An féidir leis na mic léinn smaoineamh ar dhaoine ar bith eile sa domhan faoi láthair nach bhfaigheann luach saothair cothrom ar a gcuid oibre?

Gníomhaíochtaí leantacha ar an taighde agus ar an gcur i láthair a d'fhéadfaí a dhéanamh:

Tionscadal na bhfón soghluaiste – praghsanna fón póca agus oibríthe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

Táirgeoirí caifé sa Deisceart Domhanda agus praghsanna san Iarthar

Margaí bláthanna domhanda – dálaí oibre na n-oibríthe agus an brábús a dhéantar san Eoraip

Abhár: OSSP, Rang 4

Nasc Curaclaim: *Sraith 2 – An tSaoránacht Dhomhanda*

Cuspóirí Foghlama:

Na fachtóirí idirnasctha a théann i gcion ar neamhshlándaíl bhia agus ar ocras domhanda

Tuiscint a fháil nach “Foiche Dé” é an t-ocras domhanda

Chun taighde a dhéanamh ar fhachtóirí a chuireann leis an staid ocrais in Éimin nó le héigeandáil bhia ar bith eile na linne seo

Ráitis Foghlama na Sraithe Sóisearaí: RF 7,9

Acmhainn: **Just a Second! Lessons from History**

**Mar pháirt den chuid An Domhan i mbun Forbartha den chúrsa seo, beidh na mic léinn i mbun na beo-bhochtaineacht a iniúchadh ar feadh a gcuid staidéir OSSP. D’fhéadfadh an rang seo freastal mar fheithicil chun mic léinn a spreagadh na cúiseanna taobh thiar den ocras domhanda a ghrinnscrúdú, agus naisc a dhéanamh idir An Gorta Mór agus toisí socheolaíochta agus polaitiúla an ré sin agus an t-ocras domhanda / an phráinn bhia atá ann faoi láthair.

Modheolaíocht

Tosaigh trí chluiche simplí a imirt leis an mic léinn. Míneadh dóibh go bhfuil tú chun focal amháin (“ocras domhanda”) a rá agus gan an iomarca machnaimh a dhéanamh, beidh orthu an chéad chúig fhocal bhainteacha a ritheann leo a scríobh síos. D’fhéadfadh na mic léinn samplaí amhail “leanbh ag fáil bháis leis an ocras”; “an Afraic” “tromach” etc. a thairiscint – cuid de na híomhánna steiréitipiciúla atá in ard réime sa díoscúrsa ocrais ar fud an domhain.

Cuir an cheist ansin ar na mic léinn – an eachtra nádúrtha / “Foiche Dé” é an t-ocras domhanda?



Lig do phlé ar an ábhar sin chun fáil amach cá bhfuil na mic léinn maidir le fachtóirí is cúis leis an ocras domhanda.

Mol do na mic léinn gur leid é má tharlaíonn ocras domhanda go bhfuil fadhbanna polaitiúla/sóisialta móra laistigh den tír/den réigiún sin. Ceist úsáideach é le cur ar na mic léinn í an cheist a leanas:

“Níor tharla dúchán na bprátaí in Éirinn amháin san Eoraip sna 1840í. Cén fáth meas tú arbh í Éire an tír ina raibh dúchán na bprátaí is cúis leis na hiarmhairtí uafásacha a tharla?”

Lig do na mic léinn roinnt nóiméad ina ngrúpaí chun moltaí a d’fhéadfadh a bheith fíor a thabhairt.

Cuir moltaí na mac léinn thuas ar an gclár bán.

Tar éis daoibh é sin a phlé, tabhair do na mic léinn an seachadadh ón acmhainn de chuid Afri (lth 47, 48, 49) lena gcuirtear síos ar fhachtóirí difriúla a chuir leis an nGorta Mór, atá cosúil le staideanna lenár linn. Seo a leanas a shonraítear san acmhainn:

Ag brath ar bharr amháin

Cogadh agus
Coimhlint

Easpórtáil bhia

Pobail á nDíbirt

An tAthrú Aeráide

Éagothroime Inscne

Eisimirice

Coireacht agus
Ainriail Shóisialta

Fiachas

Trádáil

B’fhéidir gur deis é seo chun saothar amharc-ealaíne suimiúil a chruthú. D’fhéadfá íomhánna a thaispeáint do na mic léinn de na leachtanna cuimhneacháin ocrais dhomhanda dhifriúla ar fud na hÉireann. D’fhéadfadh mac léinn amháin/grúpa amháin ceann de na híomhánna steiréitipiciúla sin a tharraingt/a phéinteáil d’íospartach ocrais dhomhanda. D’fhéadfá iad a léiriú agus iad ag seasamh ar bhalla brící i mbun titim as a chéile, gach bríce ann ag léiriú ceann de na cúiseanna thuasluaite.

Acmhainní Tíreolaíochta don tSraith Shóisearach

“Tacaíonn foghlaim na tíreolaíochta leis an scoláire cinntí eolasacha a dhéanamh, rud a chuireann ar a chumas cur go mór le saol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a phobail, a dhúiche agus a tíre.”

<https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Geography/Rationale>

Tá 28 toradh foghlama i dTíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí, arna roinnt ina dtrí shnáithe. Tá na ceithre cheachtanna anseo nasctha le Snáithe 2 **“An chaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan fisiceach a fhiosrú”** agus le Snáithe 3, **“Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú”**.



Ábhar: Tíreolaíocht, Rang 1

Nasc Curaclaim: An chaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan fisiceach a fhiosrú

Cuspóirí Foghlama:

- * Scrúdú a dhéanamh leis na mic léinn conas go bhfuil an t-athrú aeráide ar cheann de na príomhchúiseanna leis an mbeobhochtaineacht
- * Cás-staidéar a léamh lena léirítear roinnt de na hiarmhairtí a bhaineann leis an athrú aeráide i bpobal tréadach
- * Modheolaíocht ghníomhach a úsáid leis na mic léinn chun scrúdú domhain a dhéanamh ar idirnasacht an athrú aeráide

Ráitis Foghlama na Sraithe Sóisearaí: RF 3,2

Acmhainn: *Just A Second – Lessons from History*

Modheolaíocht

Fiafraigh de na mic léinn ar dtús céard iad na cúig príomhchúiseanna leis an mbochtaineacht dhomhanda agus leis an neamhchothroime. Spreag na mic léinn na naisc a fheiceann siad idir an chúis a luann siad agus an bhochtaineacht a mhíniú.

Má luann na mic léinn an t-athrú aeráide, d'fhéadfá a mheabhrú dóibh gurb é seo ceann de na cúiseanna “brú” is tábhachtaí d'áiteanna thíos leis an mbochtaineacht. Rud tábhachtach de, **is mó a théann an t-athrú aeráide i gcion ar na daoine is boichte agus na réigiúin is boichte ar an domhan.**

D'fhéadfá aird na mac léinn a tharraingt ar an tuarascáil a leanas ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 ina luaiter nach bhfuil ach 12 bhliain fágtha chun an t-athrú aeráide a laghdú sula mbeidh iarmhairtí uasfásacha ar na milliúin duine:

<https://www.theguardian.com/environment/2018/oct/08/global-warming-must-not-exceed-15c-warns-landmark-un-report>

Léigh an cás-staidéar ón acmhainn, “Kenya, 2011”. (B'fhéidir gur mhaith leat é a ghiorrú.) Ba cheart go léireofaí leis do na mic léinn na fadhbanna idirnasctha a bhaineann leis an mbochtaineacht de dheasca an athrú aeráide.

Ba cheart dó sin mic léinn a ullmhú don “Ghréasán” – modheolaíocht foghlama ghníomhach de na cúiseanna idirnasctha a chuireann leis an mbochtaineacht de dheasca an athrú aeráide.

Gréasán

Iarr ar na mic léinn seasamh timpeall i gciorcal agus tabhair liathróid olla do mhac léinn amháin. Tosaíonn siad le ráiteas dar dtús:

Ciallaíonn an t-athrú aeráide

Sampla: “Ciallaíonn an t-athrú aeráide go mbíonn níos lú báistí ann agus go dtosaíonn na barraí ag fáil bháis.”

Tugann an mac léinn an chuid den ghréasán do mhac léinn eile, agus beidh air nó uirthi siúd leanúint ar aghaidh ón ráiteas sin.

Sampla: “Má thosaíonn na barraí ag fáil bháis, titeoidh ioncam an teaghlaigh.”

Sampla: “Má thiteann ioncam an teaghlaigh, beidh níos lú airgid le sparáil ar oideachas na bpáistí.

***D’fhéadfaí leanúint ar aghaidh leis sin chomh fada is a chinntear an rang. Ag deireadh na gníomhaíochta, beidh gréasán mór míréitithe olla i lámha na mac léinn, lena léireofar le ceart conas mar ata an t-athrú aeráide idirnasctha le heilimintí eile na bochtaineachta domhanda.*

Céard a dhéanfaidh tú mar thoradh ar an méid atá foghlamtha agat ar an gceist seo?

***Moltai:** Déan iniúchadh ar a mhéid is atá do scoil “neamhdhochrach don aeráid”. An bhféadfaí é a fheabhsú? An bhféadfaí scríobh chuig an bpríomhoide agus chuig an mBord Bainistíochta chun a gcuid tacaíochta a fháil?

Ábhar: Tíreolaíocht, Rang 2

Nasc Curaclaim: Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú

Cuspóirí Foghlama:

- * Na cúiseanna idirnasctha a chuireann leis an neamhshlándaíl bhia agus leis an ocras domhanda a scrúdú
- * Comparáid a dhéanamh idir An Gorta Mór agus Gorta na Somáile i 1992
- * Mic léinn a spreagadh chun taighde a dhéanamh ar an staid faoi láthair in Éimin maidir le slándaíl bhia.

Ráitis Foghlama na Sraithe Sóisearaí: RF 18

Acmhainn: ‘Just A Second – Lessons from History’

Modheolaíocht

Tosaigh trí chluiche simplí comhcheangal focal a dhéanamh leis na mic léinn. Míniú d’oibh go mbeidh tú chun focal amháin (“gorta”) a rá leo, agus gan an iomarca machnaimh a dhéanamh, go mbeidh orthu an chéad chúig fhocal a ritheann leo a scríobh síos. D’fhéadfadh sé go luafadh mic léinn samplaí steiriticipiúla amhail **“an Afraic”, “leanbh ag fáil bháis den ocras”, “triomach”,** etc.... Cuid mhaith de na híomhanna steiriticipiúla atá i réim sa díoscúrsa mar gheall ar “Gorta” i gcloigne an phobail, rud go mb’fhéidir gur mhaith leat a phlé le grúpa níos ábalta.

Cuir an cheist a leanas ansin ar na mic léinn: an focal oiriúnach é an focal “gorta” ag tabhairt aird air go gciallaíonn “gorta” ocras de dheasca easpa bia? An raibh ann d’easpa bia in Éirinn sna 1840í? Éistigí leis an amhrán “On a Single Day” le Christy Moore ar an dlúthdhiosca de chuid Afri dar teideal *Doolough Famine Walk: Music from a Dark Lake*. Bíodh plé air sin féachaint cá bhfuil tuiscint na mic léinn mar gheall ar na cúiseanna le “gorta”.

Déan na mic léinn a roinnt ina ngrúpaí, agus tabhair do gach ceann acu na focail a leanas:

Imirce

**Cúiseanna aeráide/
comhshaoil**

Freagra Polaitiúil (nó atá de dhíth)

Úinéireacht talún

Tarraing freagra ó na mic léinn maidir leis na bealaí ar féidir leis na focail sin cur leis an neamhshlándáil bia/ocras domhanda. B'fhéidir gur mhaith leis na mic léinn samplaí a thabhairt ón nGorta Mór má tá eolas fíriciúil acu.

Tar éis é sin a phlé, úsáid an acmhainn “Lessons from History” chun a thaispeáint do na mic léinn go raibh cosúlachtaí idir an staid in Éirinn (1845) agus an ceann sa tSomáil (1992) maidir leis na cúiseanna a thiomáin na tíortha sin chuig ocras sa phobal i gcoitinne.

Tabhair do gach grúpa an chomparáid idir Éire agus an tSomáil i dtaobh a bhfocal faoi seach. D'fhéadfá “cleachtadh meaitseála” ón acmhainn sin a dhéanamh mar a léirítear thuas i gcás grúpa a bhfuil níos lú ábaltachta acu nó i gcás grúpa a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu.

Ábhar: Rang 3, Tíreolaíocht

Nasc Curaclaim: Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú

Cuspóirí Foghlama

- * Coincheap an imirce agus daoine “ag bogadh” i rith na staire a fhiosrú
- * Fachtóirí “Brú” agus “Tarraingthe” i leith an imirce a thuiscint
- * Comparáid a dhéanamh idir ré an imirce “éagantais” ó Éirinn go Ceanada (Grosse Ile) agus staid imirce de chuid na linne seo. (D'fhéadfá daoine atá ar imirce ón tSiria/ ón Eiritré a roghnú mar shampla)

Ráitis Foghlama na Sraithe Sóisearaí: RF 3,7

Acmhainn: *Just A Second – Lessons from History – Grosse Ile*, lth. 18/19



Modheolaíocht

Iarr ar na mic léinn ar dtús a roinnt leis an rang cén sórt íomhá a ritheann leo nuair a chloiseann siad an focal “imirceach”. (D’fhéadfá an rang a ullmhú roimh ré freisin trína iarraidh ar na mic léinn íomhá a thabhairt isteach lena gcuirtear in iúl rud éigin atá bainteach leis an imirce dar leo.)

Tarraing amlíne fhada ar phíosa páipéir ar an urlár, nó ar chlár bán, agus iarr ar na mic léinn marc a chur áit ar bith ar an amlíne – ón dáta is luaithe go 2019 AD – aon imirce nó daoine “ag bogadh” a bhfuil ar eolas acu.

B’fhéidir gur mhaith leat roinnt marcálacha i réanna éagsúla staire agus áiteanna difriúla a chur isteach chun roinnt samplaí a thabhairt do na mic léinn:

An Imirce Mhór: Fágann Homo sapiens mór-roinn na hAfraice agus téann siad go dtí an Eoraip agus go dtí an Áise;

Plandáil chúige Uladh: tagann áitritheoirí Albanacha go hUladh, Éire;

Lár an 19ú céad: an Imirce Mhór Atlantach ón Eoraip go Meiriceá Theas (go háirithe ón nGearmáin agus ó Éirinn).

Tar éis an Dara Cogadh Domhanda: Imirce ón Eoraip go dtí SAM, an Astráil, Iosrael

Géarchéim Dhomhanda na dTeifeach in 2014 – ag leanúint ar aghaidh

Tar éis do na mic léinn roinnt ama a chaitheamh leis an ngníomhaíocht seo, féadfaidh an grúpa ranga, más eol dóibh, na fachtóirí “brú” agus “tarraingthe” i dtaithe na n-imirceach a luaitear ar an amlíne a phlé.



Fachtóir brú: Rud is cúis le bogadh an imircigh

Fachtóir tarraingthe: Rud a tharraingíonn imirceach chun bogadh ó áit ar leith

Is é príomhaidhm na hoibre seo cur i gcuimhne do na mic léinn go raibh daoine ag bogadh le fada an lá go stairiúil. Tá na cúiseanna leis an mbogadh, an fháilte a fhaightear ar theacht leo, agus – rud tábhachtach sa lá atá inniu ann – na constaicí i gcoinne gluaiseachta go minic difriúil áfach.

Tabhair cóip den phróifíl **Grosse Ile** do na mic léinn uile.

Ceisteanna plé:



- * Cérbh iad na fachtóirí “brú” a thug ar imircigh Éireannacha a dtír a fhágáil?
- * Conas mar a bhí na dálaí ar an turas dóibh?
- * Cén sórt fáilte a fuair na himircigh nuair a bhain siad Grosse Ile amach?

Tarlaíonn an cur síos san acmhainn i 1847. Sna ceithre bliana atá thart, tharla na mílte aistear dáinséarach sa Mheánmhuir agus imircigh ag teitheadh óna dtíortha dúchais ar thóir na sábháilteachta agus saol níos fearr. Tá neart cosúlachtaí a bhféadfaí a bhrath idir taithí na n-imirceach Éireannach agus a gcuid iarrachtaí truamhéileacha Éire a fhágáil ar thóir rud níos fearr, mar a d’fhulaing siad ar an aistear agus ar theacht isteach leo, agus taithí a lán imirceach agus iad ag iarraidh dul isteach san Aontas Eorpach lenár linn féin. Dá réir sin, d’fhéadfadh na mic léinn staidéar comparáideach a dhéanamh idir taithí Grosse Ile agus taithí na dteifeach agus iad ag iarraidh an Mheánmhuir a thrasnú agus an fháilte a cuireadh romhaibh san Eoraip – ar Lesbos sa Ghréig – d’fhéadfá staidéar comparáideach cumhachtach a dhéanamh eatarthu.



- * Céard iad na fachtóirí “brú” atá ag cur brú ar imircigh Shiriacha/Eitiréacha/Afganastánacha etc. a dtír a fhágáil?
- * Conas mar atá na dálaí ar an turas dóibh?
- * Cén sórt fáilte a fhaigheann imircigh san Aontas Eorpach (ar uiscí an Aontais)?

Ábhar: Rang 4, Tíreolaíocht

Nasc Curaclaim: Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú

Cuspóiri Foghlama

- * Tús a chur leis an gcuidreamh cumhachta idir tíortha saibhre agus tíortha bochta a scrúdú
- * Scrúdú a dhéanamh ar conas mar atá rochtain ar acmhainní agus úinéireacht acmhainní míchothrom, ag baint úsáide as “The Sacred Cactus”
- * Conas mar a thiteann timthriall na bochtaineachta as an trádáil mhíchothrom a fhoghlaim

Ráitis Foghlama na Sraithe Sóisearaí: RF 9

Acmhainn: *‘Just A Second – Exploring Global Issues Through Drama and Theatre’, ‘The Sacred Cactus’, Scéal*

Modheolaíocht

Scríobh síos ar dtús na figiúirí **1%, 82%** ar an gclár bán, ag insint do na mic léinn go bhfuil baint ag na figiúirí sin le rachmas domhanda.

Freagra: Chuaigh 82% den rachmas a rinneadh sa bhliain seo caite chuig an 1% is saibhre ar domhan. Ag an am céanna, ní fhaca na 3.7 billiún duine is boichte ar domhan méadú ar bith ar a gcuid rachmais.

Foinse: Tuarscáil Oxfam, Eanáir 2018: **“Reward Work, Not Wealth”**

Tabhair cóip den leagan scéaltach de *“The Sacred Cactus”* do na mic léinn. Sórt fabhalscéil é seo chun ceisteanna tábhachtacha maidir le húinéireacht acmhainní, rochtain ar acmhainní; luach; trádáil mhíchothrom a tharraingt anuas.

Ceisteanna le plé



1. An dtugtar cúiseanna ar dtús sa scéal maidir le cén fáth nach raibh go leor bia ann go minic?
2. Conas mar a chuirfeá síos ar an bhfreagra a thug na tíortha saibhre nuair a d'iarr cúnaimh orthu?
3. Conas mar a d'easaontaigh na tíortha bochta agus na tíortha saibhre maidir le céard ba cheart a dhéanamh le hacmhainní?
4. Cérbh é an “margadh” a rinne na tíortha saibhre leis na tíortha bochta chun go dtabharfadh siad an sú cachtais dóibh?
5. Cén fáth nach raibh na tíortha bochta in ann an sú cachtais a “athcheannach”?

Cleachtach leantach:



D'fhéadfadh scrúdú ar an ngiota thuas cúltaca a thabhairt maidir le staidéar a dhéanamh ar shaincheisteanna amhail “cúnaimh ceangailte”; iarmhairtí fóirdheontais talmhaíochta ar tháirgí ón nDeisceart Domhanda a dhíoltar i réigiúin níos boichte den domhan.

Taighde leantach a d'fhéadfadh na mic léinn a dhéanamh



Tionscal na bhfón póca – mianraí a asbhaint i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó; dálaí oibre, naisc leis an gcogadh cathartha

Tionscal na nÉadaí – oibríthe a íoc sa Bhanglaidéis i gcomparáid leis an brabús a fhaigheann corparáidí éadaí

Táirgeoirí/oibríthe caifé sa Deisceart Domhanda agus praghsanna/brabús san Iarthar

Margaí domhanda na mbláthanna – praghsanna a thugtar d'oibríthe/do tháirgeoirí i gcomparáid leis na praghsanna a ghearrtar corparáidí san Eoraip

Acmhainní Staire na Sraithe Sóisearaí

“Nuair a bhímid comhfhiosach faoin stair athraítear an bealach a bhféachaimid ar an domhan agus ár n-áit sa domhan ...”

“Tugann an staidéar ar an saol atá thart deis dúinn scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag gníomh an duine i réimse leathan cásanna, lena n-áirítear sa pholaitíocht, rialtas, dlí, an tsochaí, an eacnamaíocht, cultúr, creideamh agus smaointe.”

<https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/History/Rationale>

Tá trí shnáithe i Stair na Sraithe Sóisearaí: Nádúr na staire; Stair na hÉireann agus Stair na hEorpa agus an Domhan Mór

Ábhar: Stair, Rang 1

Nasc Curaclaim: Ré na Taicscéalaíochta agus an Choncais; Plandálacha na hÉireann

Cuspóirí Foghlama

- * Staidéar a dhéanamh ar thionchar gabhálacha talún agus an imirce éagantais
- * Scrúdú a dhéanamh ar nádúr neamhchothrom na cumhachta i staideanna plandála/cóilínithe.

Ráitis Foghlama na Sraithe Sóisearaí: RF 5,7

Acmhainn: *Just a Second! – Lessons from History, The Choctaw*

Nóta

..

.....

D'fhéadfaí an rang seo a úsáid mar “ghníomhaíocht chomhthreorach” i rannáin staire éagsúla laistigh den tSraith Shóisearach. Leis an rannán maidir le Taiscéalaíocht agus Concas, d'fhéadfadh sé go mbeidh sé ina thopaic taighde spéisiúil taithí ceann de na treabhanna Bundúchasacha Meiriceánacha – Suacha/Seactácha etc. ó ré an choncais Eorpaigh go dtí an lá atá inniu ann a scrúdú.

D'fhéadfaí é sin a úsáid agus staidéar á dhéanamh ar na Plandálacha – topaic a measann mic léinn uaireanta gur topaic “leadránach” é. Cé nach bhfuil an acmhainn i gceist anseo sa ré stairiúil céanna is atá na rannáin curaclaim a luaitear, is iad coincheapanna na ngabhálacha talún/díláithriú éigeantais/imirce éigeantais go bhféadfaidh na mic léinn foghlaim maidir leo i gcomhthéacsanna éagsúla – ag féachaint nach rudaí iad a tharlaíonn i ré ar leith nó in áit ar leith, ach a tharlaíonn sa lá atá inniu ann.

Modheolaíocht

Tar éis duit an chuid “téacsleabhair” a dhéanamh a bhaineann ar chaoi éigin le díshealbhú talún agus le díláithriú (Concasc na Meiriceánna / Plandálacha in Éirinn), fiafraigh de na mic léinn an bhfuil siad ar an eolas mar gheall ar staideanna eile sa domhan ar gabhadh talamh iontu ó dhaoine.

B'fhéidir go luafaidh mic léinn cailliúint tailte na mBundúchasach Meiriceánach; cailliúint tailte na mBundúchasach Astrálach; gabhálacha talún leanúnacha san Amasóin nó sna Críocha Gafa.

Ceisteanna plé



1. Ón méid atá ar eolas agat mar gheall ar na samplaí thuas, conas mar a chuirfeá síos ar chothromaíocht na cumhachta idir iad siúd atá ar an talamh agus iad siúd a ghabhann an talamh?
2. Cén fáth gur mhaith le cuideachta nó corparáid rochtain a fháil ar stráice talún ar leith?
3. An mbaineann luach airgid amháin le talamh i gcónaí? An bhfuil cúiseanna eile le go mbeadh dúil mhór ag daoine ina gcuid talún?

Tabhair cóip den acmhainn The Choctaw (An Seactách) do na mic léinn le léamh. (B'fhéidir gur mhaith leat í a oiriúnú.)

Acmhainn de chuid Afri: *Just a Second! Lessons from History*, lth. 21

Ceisteanna plé



1. Meas tú an bhfágtar amach an chuid sin den Scéal Meiriceánach/Aisling Mheiriceánach as na leabhair staire? Cén fáth?
2. Cén fáth gurbh éigean don treabh Seactách cúnamh a thabhairt do na hÉireannaigh le linn an Ghorta Mhóir?

Machnamh

Íomhá dúisitheach is ea Conair na nDeor (Trail of Tears). Tig leat freagairt dó i meán cruthaitheach agus íomhá na mBundúchasach Meiriceánach á cur in iúl? D'fhéadfá dán a scríobh; nó gearrscéal; nó amhrán; nó pictiúr a tharraingt.

Ábhar: Stair, Rang 2

Curaclaim: Caidreamh Idirnáisiúnta, an Dara Cogadh Domhanda

Cuspóirí Foghlama

- * Cé leis an stair atá á cur in iúl/á scríobh? – é sin a scrúdú
- * Taobhanna éagsúla eachtra cáiliúil sa Dara Cogadh Domhanda a scrúdú
- * Scéal Sadako Sasaki a fhoghlaim

Ráitis Foghlama na Sraithe Sóisearaí: RF 7,8

Acmhainn: *Pathways of Peace – próifíl Sadako Sasaki*

Modheolaíocht

D'fhéadfá an rang seo a thosú trína iarraidh ar na mic léinn an ráiteas a leanas a mheá:

“Is iad na buaiteoirí a scríobhann an Stair” – Churchill

Céard a thuigeann na mic léinn as an ráiteas sin? Fiafraigh díobh

Tá sé tábhachtach go mbeadh próifíl Sadako Sasaki agus an acmhainn lena sonraítear an bhuamáil a rinne na Comhghuaillithe ar Hiroshima araon acu. (Beidh mír i ngach leabhar staire de chuid na Sraithe Sóisearaí air sin – d'fhéadfá níos mó sonraí a chur leis toisc go bhfuil an mhír ar Sadako fada go leor.)

Scríobh na focail Hiroshima / Nagasaki ar an mbord, fiafraigh de na mic léinn céard is eol dóibh maidir leis na háiteanna sin.

Gan an iomarca plé sa bhreis, tabhair do na mic léinn an giota ar Sasaki le léamh. (D'fhéadfá é a oiriúnú do leathanaigh 47-50 de “Pathways of Peace”)

Iarr ar na mic léinn anois an giota caighdeánach sa téacsleabhar maidir leis an mbuama adamhach in Hiroshima agus Nagasaki a léamh.

Ceisteanna plé



1. Conas mar a chuireann an téacsleabhar síos ar iarmhairt na mbuamálacha? Conas mar a chuireann an giota ar Sasaki síos ar na buamálacha?
2. An é go dtéann na giotaí i bhfeidhm ort ar bhealach difriúil? Más é, cén fáth?
3. Céard a insítear duit le léamh na ngiotaí sin maidir le conas a “insítear” stair dúinn?

Téigh ar ais chuig an ráiteas a thug Churchill. D’fhéadfá an plé seo a leathnú chun féachaint ar conas mar a chuirtear “scéalta aonair” i láthair mar na scéalta údarasacha ar feadh na staire. Iarr ar na mic léinn an bhfuil siad ar an eolas faoi sin nó an bhfuil aon smaoineamh acu maidir leis sin i ndáil lena gcúrsa staire scoile. An mbeadh léamh difriúil ann, mar shampla, dá n-osclódh an chuid ar Thaiscéalaíochtaí le saolta na mBundúchasach Meiriceánach, na nInceach agus na nAstacach i bhfad roimh an gcóilíniú Eorpach, seachas mar fho-nóta leis an gcóilíniú Eorpach?

Ábhar: Stair, Rang 3

Nasc Curaclaim: *An Gorta Mór agus Diaspóra na nGael*

Cuspóirí Foghlama

- * Foghlaim maidir le dhá fhreagra dhifriúla ar an nGorta Mór
- * Obair a dhéanamh i ngrúpaí chun ábhar stairiúil a chur in ord loighciúil
- * An t-ábhar a chur i láthair ó bhéil

Ráitis Foghlama na Sraithe Sóisearaí: RF 3,2

Acmhainn: *Lessons from History – Strokestown*

Modheolaíocht

Cuid a hAon

Déan na mic léinn a roinnt ina ngrúpaí de cheathrar

Faigheann gach grúpa acu an t-alt ar “Béal na mBuillí (Strokestown)” nó an ceann ar na Seachtáigh fótachóipeáilte agus gearrtha ina naoi ngiota agus ina n-ocht ngiota faoi seach.

Iarr ar na mic léinn a ngiota féin a léamh agus iarracht a dhéanamh iad a chur le chéile, “ó thús go deireadh” chun scéalta comhleanúnacha a dhéanamh astu.

Nuair atá na mic léinn cinnte, is féidir leo a sheiceáil leis an múinteoir go bhfuil an t-ord ceart acu.

Cuid a Dó

Tabhair na mic léinn deich nóiméad le hullmhú chun scéal a ngiota a chur i láthair grúpa sa rang leis an ngiota “Béal na mBuillí”, tríd an teimpléad diamaint faoi iamh a úsáid.

Cuid a Trí

Iarr ar gach ceann de na grúpaí péire a dhéanamh le grúpa eile, agus iarr orthu cur i láthair a dhéanamh dá chéile.

Gníomhaíocht leantach: Féach an féidir leat taighde a dhéanamh ar limistéar den domhan atá thíos faoi neamhshlándáil bhia / ocras domhanda faoi láthair. An féidir leat fáil amach céard atá á dhéanamh ag rialtas a dtíre, céard iad na hiarrachtaí idirnáisiúnta atá á ndéanamh?

- * **Déan taighde ar na ranníocaíocháí le linn an ocrais dhomhanda ón Tuirc** – (féach ar shuaitheantas Chumann Peile Dhroichead Átha Aontaithe a bhfuil feathal na Tuirce air de bharr ar an gcúnamh a tháinig go Droichead Átha ón Tuirc).
- * B'fhéidir gur mhaith leat pictiúr den chuimhneachán **“Kindred Spirits”** i gCorcaigh atá i gcuimhne an tsíntiúis Seachtáigh a thaispeáint do na mic léinn.

Céard a dhéanfaidh tú tar éis duit foghlaim faoin gceist seo?

Moltaí

- * Tabhair ar aird do mhic léinn eile / do phobal na scoile an éigeanáil bhia atá ar siúl san Éimin. D'fhéadfá a chur i láthair do mhic léinn eile conas mar a d'éirigh an ghéarchéim; d'fhéadfá dul i dteagmháil le heagraíocht neamhrialtasach (NGO) atá ag obair ann féachaint an bhfuil rud éigin go bhféadfadh sibh a dhéanamh mar ghrúpa ranga.

Ábhar: Stair, Rang 4

Nasc Curaclaim: *An Gorta Mór agus Diaspóra na nGael*

Cuspóirí Foghlama

- * Tuiscint a fháil ar céard is brí le “diaspóra”
- * Scrúdú a dhéanamh ar áiteanna ar theith Éireannaigh chucu le linn an Ghorta Mhóir trí bhreathnú ar an gcás-staidéar ar Grosse Ile
- * Taighde a dhéanamh ar áiteanna ar éiligh Éireannaigh chucu inniu agus conas mar a caitheadh leo / conas mar a fáiltíodh iad (D’fhéadfá féachaint ar Lesbos na Gréige / an Tuirc etc.)

Ráitis Foghlama na Sraithe Sóisearaí: RF 7,8

Acmhainn: *Lessons from History – Grosse Ile*

Modheolaíocht

Scríobh an focal “diaspóra” ar an mbord ar dtús (má rinne mic léinn staidéar ar an gcuid sin de chúrsa staire na Sraithe Sóisearaí, beidh an focal ar eolas acu. Muna ndearnadh, b’fhéidir go mbeidh ort é a mhíniú.)

Diaspóra: Imirce agus a sliocht a scaipeadh ar fud an domhain

Fiafraigh díobh tomhas cé chomh mór is atá an diaspora Éireannach ar fud an domhain. (Ní féidir líon na ndaoine sin a chomhaireamh go cruinn, ach tugtar an figiúr 70 milliún go minic.)

D’fhéadfá a iarraidh ar na mic léinn lámh in airde a chur suas má tá gaolta nó muintir acu thar lear. Tarraing ó na mic léinn cá raibh triall na n-imirceach Éireannach go traidisiúnta. B’fhéidir go luafaidh na mic léinn Sasana; na Stáit Aontaithe; Ceanada; an Astráil etc. D’fhéadfá fiafraí díobh freisin má tá aon chathracha ar eolas acu a raibh imirce ard ina dtreo – e.g. Learpholl; Bostún; Sydney etc. D’fhéadfaí díriú ar na háiteanna sin mar thopaicí taighde breise níos déanaí.

Chun coincheap na bhfachtóirí brú / tarraingthe maidir leis an imirce a thabhairt isteach, fiafraigh de na mic léinn cén fáth go ndeachaidh an méid sin Éireannach thar lear sa dara leath den 19ú aois. D'fhéadfá dhá cholún a chur ar an gclár bán: “Brú” agus “Tarraingt”.

Fachtóir Brú: Rud is cúis le go mbogfadh imirceach

Fachtóir Tarraingthe: Rud is cúis le himirceach a tharraingt go háit ar leith

Déan a mhíniú do an mic léinn go mbeidh siad ag díriú isteach ar Ceanada mar cheann scríbe imirce d'imircigh Éireannacha sa 19ú haois. Bheadh sé spéisiúil b'fhéidir tosú leis an staid atá ann faoi láthair toisc go raibh tonn nua imirce go Ceanada sna blianta beaga anuas. Mar ghníomhaíocht bhreise, d'fhéadfadh na mic léinn féachaint ar fhachtóirí brú / tarraingthe maidir leis an imirce Éireannach go Ceanada sa lá atá inniu ann. I dtéarmaí an diaspóra, d'fhéadfadh an t-alt thíos ábhar suimiúil a sholáthar.

An mó Éireannach i gCeanada?

“Éilíonn ceithre mhilliún Ceanadach go leith (timpeall is 14 faoin gcéad den daonra) oidhreacht Éireannach. Rud suntasach de, áirítear in armas Ceanada seamróga sa Taca agus, sa tríú cheathrú den Sciath, cláirseach Éireannach na Teamhrach. An éagsúlacht mhór daoine a thóg an pobal Éireannach anseo, chuir siad go mór agus go buan le cultúr Ceanada agus le hoidhreacht dhiaspóra na hÉireann.”

<https://www.irishtimes.com/life-and-style/abroad/irish-community-in-canada-has-changed-a-lot-in-five-years-1.2941560> Irish Times 2017
(aistrithe)

Tabhair cóip den phróifíl **Grosse Ile** ón acmhainn *Lessons from History* do na mic léinn agus iarr orthu í a léamh.

1. Bhí an-fhulaingt ag baint leis an turas go Grosse Ile. Cén fáth, dar leat, a thug daoine faoi na haistir sin dá dheasca sin?
2. Tá neart imirceach ag tabhairt faoi aistir chontúirteacha trasna na Meánmhara go háiteanna amhail an Ghréig/an Tuirc agus an Iodáil sa lá ata inniu ann. Tá ráta báis an-ard ann. Cén fáth a thugann daoine faoi na haistir sin dá dheasca sin?
3. Conas mar a caitheadh leis na himircigh nuair a tháinig siad go Grosse Ile?
4. Ó léamh na hacmhainne, ar thug Grosse Ile an saol níos fearr a raibh siad ag tnúth leis nuair a d'fhág siad a mbaile?
5. Deir an file Briotánach Warsan Shire ina dán tochtmhar "**Home**":

“You have to understand
that no one puts their children in a boat
unless the water is safer than the land”

Céard is brí léi leis sin, dar leat?

Tuilleadh taighde: Faigh níos mó amach mar gheall ar conas a chaitear le himircigh i gcinn scríbe Eorpacha amhail Lesbos na Gréige, nó Lampedusa.

Céard a dhéanfaidh tú mar thoradh ar fhoghlaim maidir leis an gceist seo?

Moltaí

- * Faigh níos mó amach mar gheall ar an bhfáilte a fhaigheann lucht iarrtha tearmainn tríd an gcóras Soláthar Díreach. D'fhéadfá na mic léinn i do scoilse a phiar-mhúineadh faoin gcóras atá cáinte ag go leor comhlachtaí cearta daonna.
- * Scríobh chuig do chuid Teachtaí Dála ag cur do thuairime in iúl mar gheall ar conas a chaitheann Éire le lucht iarrtha tearmainn, agus an méid beag teifeach atá faighte againn.

Acmhainní úsáideacha eile de chuid Afri:

Famine is a Lie arna chur in eagar ag Joe Murray, Pat Pidgeon agus Derek Speirs

They All Had Names arna chur in eagar ag Sean Steele

The Doolough Famine Walk: Music from a Dark Lake (dlúthdhiosca)